Comhaltas na Mac Léinn,
Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway
Students' Union

BUNREACHT CHOMHALTAS NA MAC LÉINN

SCEIDEAL 1

Cuid A:
An Ceann Comhairimh agus an Toghchóras
Déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin Ceann Comhairimh a cheapadh i dtaca le gach sraith toghchán. Beidh an Ceann Comhairimh freagrach as toghcháin a stiúradh, fothoghcháin san áireamh, a reáchtálfar de réir chuid B go G den Sceideal seo. Ní fhéadfaidh ach an Coiste Feidhmiúcháin oifig a bhaint den Cheann Comhairimh. Stiúrfar toghcháin a reáchtálfar de réir Chuid B go G faoi Chóras Ionadaíochta Cionmhaire an Aonvóta Inaistrithe (an tAcht Toghcháin, 1923, arna leasú ag an Acht Toghcháin, 1963).

Cuid B:
Oifigigh an Choiste Feidhmiúcháin (seachas Cathaoirleach na gCumann agus Captaen na gClubanna) a Thoghadh

1. Mairfidh tréimhse oifige na n-oifigeach ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn.

2. Beidh an toghchán d'oifigigh lánaimseartha an Chomhaltais ar an lá céanna le linn an dara seimeastar.

3. Beidh an toghchán do na hoifigigh pháirtaimseartha, seachas Cathaoirleach na gCumann agus Captaen na gClubanna, ar an lá céanna le linn an dara seimeastar (ach le linn seachtaine a bheidh éagsúil ón tseachtain i Sceideal 1.B.2 thuas).

4. I gcás toghchán a ghairfear chun níos mó ná aon fholúntas amháin a líonadh, ní fhéadfar iarrthóir a ainmniú ach le haghaidh aon phoist amháin.

5. Ní fhéadfar ach lánbhall den Chomhaltas a ainmniú mar iarrthóir ar aon phost toghthach faoin gCuid seo.

6. Ní mór ainmniúcháin a chur isteach nach déanaí ná 5.00i.n. ar an lá coláiste a bheidh leagtha síos. Déanfar an lá sin a fhógairt ar gach clár fógraí agus suíomh Idirlín de chuid an Chomhaltais agus beidh sé cúig lá coláiste roimh lá an

toghcháin ar a laghad. Caithfear a bheith ag glacadh le hainmniúcháin ar feadh cúig lá coláiste.

7. Caithfidh daoine a bhfuil fonn orthu ainmniúcháin a tharraingt siar é sin a chur in iúl don Cheann Comhairimh nach déanaí ná 5.00i.n. aon lá amháin i ndiaidh dhúnadh an phróisis ainmniúcháin.

8. Beidh na toghcháin ar siúl laistigh de 10 lá coláiste i ndiaidh dhúnadh an phróisis ainmniúcháin.

9. Cuirfidh an Coiste Toghcháin liosta de na hiarrthóirí arna n-ainmniú go bailí ar fáil laistigh de 24 uair an chloig tar éis an dáta deiridh le haghaidh tarraingtí siar.

10. Déanfar an vótáil ag na hamanna agus sna láithreacha a chinnfidh an Coiste Toghchán. Foilseoidh an Coiste Toghchán
na socruithe vótála roimh na toghcháin.

11. Ceadófar do gach ball de Chomhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe vótáil a luaithe a bheidh sé fíoraithe gur ball den Chomhaltas é. Tá sé seo faoi réir Sceideal 1.H.2.

12. Beidh sé de cheart ag gach ball den Choiste Feidhmiúcháin vótáil. Dá ainneoin sin, ní bheidh ach mic léinn iarchéime cláraithe incháilithe chun vótáil sa toghchán don Oifigeach Iarchéime. Tá sé seo faoi réir Sceideal 1.H.2.

13. Beidh ar gach páipéar ballóide ainm na hoifige atá i gceist, agus, in ord aibítre na sloinnte, ainmneacha na n-iarrthóirí uile arna n-ainmniú go bailí.

14. Beidh ar pháipéar ballóide ainmneacha na n-iarrthóirí uile. I gcás gach toghcháin a bhfuil aon ainmniúchán ann, beidh ar an bpáipéar ballóide an rogha 'Athoscail an Próiseas Ainmniúcháin', a ndéileálfar leis mar iarrthóir, agus a bheidh ina ainm deireanach ar an bpáipéar ballóide. Sa chás go dtoghfar an t-iarrthóir 'Athoscail an Próiseas Ainmniúcháin', fógróidh an Ceann Comhairimh go bhfuil an folúntas neamhlíonta, agus déanfar toghchán nua a ghairm de réir fhorálacha an Sceidil seo.

Cuid C:
Oifigigh Feidhmiúcháin an Chomhaltais (seachas Captaen na gClubanna agus Cathaoirleach na gCumann) a Fhothoghadh

Sa chás go mbeadh aon fholúntas sna poist thuasluaite, ghairfí fothoghchán de réir an nóis imeachta seo a leanas:

1. Nuair a thiteann folúntas amach, tabharfaidh an tUachtarán fógra don Cheann Comhairimh laistigh de sheacht lá.

2. Laistigh de chúig lá ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coiste Toghcháin faoi deara an folúntas a fhógairt ar gach clár fógraí agus suíomh Idirlín de chuid an

Chomhaltais agus tabharfaidh sé fógra faoin bhfothoghchán. Caithfear a bheith ag glacadh le hainmniúcháin ar feadh seacht lá.

3. Ní mór ainmniúcháin a chur faoi bhráid an Choiste Toghcháin nach déanaí ná 5.00i.n. ar an lá a bheidh leagtha síos. Déanfar an lá sin a fhógairt ar gach clár fógraí agus suíomh Idirlín de chuid an Chomhaltais agus beidh an lá sin seacht lá ar a laghad roimh lá an toghcháin.

4. Cuirfear liosta de na hiarrthóirí, gach duine acu a bheidh ina lánbhall den Chomhaltas, ar fáil laistigh de 24 uair an chloig i ndiaidh dhúnadh an phróisis ainmniúcháin.

5. Beidh an toghchán ar siúl laistigh de 14 lá i ndiaidh dhúnadh an phróisis ainmniúcháin.

6. Ach amháin de réir mar atá foráilte in Alt 1, 2 agus 3 i gCuid C, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach i gCuid B i gcás fothoghchán a reáchtálfar faoin gcuid seo.

Cuid D:
Ionadaí na gClubanna Spóirt (Captaen na gClubanna) agus ionadaí na gCumann (Cathaoirleach na gCumann) a thoghadh chun an Choiste Feidhmiúcháin

1. Beidh an toghchán do Chaptaen na gClubanna agus do Chathaoirleach na gCumann ar na dátaí a shocróidh an Coiste Toghcháin.

2. Beidh gach Club agus Cumann (atá aitheanta ag an Ollscoil) incháilithe chun ionadaí amháin a ainmniú chun vóta an Chlub nó an Chumainn sin a chaitheamh. Ní mór don ionadaí a bheith ina bhall den Chomhaltas. Beidh ar gach Club agus Cumann sonraí maidir leis an duine a chaithfidh an vóta thar a gceann a chur ar fáil don Choiste Toghcháin 48 uair ar a laghad roimh thús na vótaíochta. Ní fhéadfaidh ionadaí ionadaíocht a dhéanamh ach d'aon Chlub nó Chumann amháin. Déanfar an vótáil de réir Sceideal 1.B.12.

3. Caithfidh iarrthóirí ar phost Chaptaen na gClubanna agus Chathaoirleach na gCumann a bheith ina mball de Chomhaltas na Mac Léinn.

4. Déanfaidh an Coiste Toghcháin na hainmniúcháin a fhógairt.

5. Ní mór ainmniúcháin a chur isteach nach déanaí ná 5.00i.n. ar an lá coláiste a bheidh leagtha síos. Déanfar an lá sin a fhógairt ar gach clár fógraí agus suíomh Idirlín de chuid an Chomhaltais agus beidh sé cúig lá coláiste roimh lá an toghcháin ar a laghad. Caithfear a bheith ag glacadh le hainmniúcháin ar feadh cúig lá coláiste.

6. Caithfidh daoine a bhfuil fonn orthu ainmniúcháin a tharraingt siar é sin a chur in iúl don Cheann Comhairimh nach déanaí ná 5.00i.n. ar an lá coláiste a bheidh leagtha síos. Beidh an lá seo aon lá amháin i ndiaidh dhúnadh an phróisis ainmniúcháin.

Cuid E:
Ionadaí na gClubanna Spóirt (Captaen na gClubanna) agus ionadaí na gCumann (Cathaoirleach na gCumann) a fhothoghadh chun an Choiste Feidhmiúcháin

Sa chás go mbeidh aon fholúntas sa dá phost thuasluaite, gairfear fothoghchán de réir an nóis imeachta seo a leanas:

1. Nuair a thiteann folúntas amach, tabharfaidh an tUachtarán fógra don Cheann Comhairimh laistigh de thrí lá coláiste. Laistigh de 24 uair ina dhiaidh sin, cuirfidh an Ceann Comhairimh faoi deara an folúntas a fhógairt.

2. Reáchtálfar an próiseas ainmniúcháin agus na toghcháin de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCuid D.

Cuid F:
Baill de Chomhairle na nIonadaithe Ranga, seachas an Coiste Feidhmiúcháin, a Thoghadh

1. Beidh na toghcháin chun Chomhairle na nIonadaithe Ranga ar siúl laistigh de na chéad ceithre seachtaine den chéad seimeastar.

2. Mairfidh téarma oifige Chomhairle na nIonadaithe Ranga ó dara seachtain na bliana acadúla go dtí go mbeidh Comhairle na nIonadaithe Ranga nua tofa i gcaitheamh na bliana acadúla dár gcionn. Ní mhairfidh téarma oifige Chomhairle na nIonadaithe Ranga níos mó ná 12 mhí.

3. Beidh gach rannóg acadúil freagrach as comhordú a dhéanamh ar bhaill a cheapadh chun Chomhairle na nIonadaithe Ranga i ngach rang agus bliain dá gcuid, ach amháin i gcás an Choiste Feidhmiúcháin a bheidh ina mball de Chomhairle na nIonadaithe Ranga de réir Alt 10(B)(i) den Bhunreacht.

4. Déanfaidh gach Grúpa Rannach ionadaí ranga amháin a cheapadh chun an Choiste Idirchaidrimh Foirne-Mac Léinn laistigh de gach dámh.

5. Caithfidh gach iarrthóir ar bhallraíocht sa Chomhairle a bheith ina lánbhall den Chomhaltas agus ina bhall den rang dá ndéanfaidh sé ionadaíocht.

6. Ba cheart an chuid seo a léamh de réir CA/STD/M23/4, ar cheadaigh Buanchoiste na Comhairle Acadúla é ar an 9 Meitheamh 2001.

Cuid G:
Fógraíocht i dtaca le Toghcháin agus Fothoghcháin

1. Ní cheadaítear urraíocht ná tacaíocht ó eintiteas tráchtála i bhfoirm ar bith. Áirítear na nithe seo a leanas le hurraíocht nó tacaíocht, ach ní bheidh sé teoranta dóibh:
   - Brandáil, ainmneacha nó lógónna le feiceáil ar ábhar bolscaireachta nó ar t-léinte.
   - Bronntanais, dearbháin nó pasanna le haghaidh eintitis tráchtála.

2. Ní dhéanfaidh iarrthóir aon ábhar fógraíochta a dháileadh, ná a chur á dháileadh, go dtí 6.00i.n. ar an Domhnach roimh an toghchán. Tá cosc ar óráidí i léachtaí go dtí an t-am sin chomh maith.

3. Ní mór do gach iarrthóir, nó duine atá ainmnithe aige, freastal ar chruinniú laethúil leis an gCoiste Toghcháin i rith sheachtain an toghcháin.

4. I gcás aon iarrthóra nach gcomhlíonann forálacha sa chuid seo den Bhunreacht, measfar é a bheith neamh-incháilithe chun a thofa chun aon phoist ar Choiste Feidhmiúcháin an Chomhaltais don toghchán sin.

5. Déanfaidh an Coiste Toghcháin na Rialacháin Toghcháin a léirmhíniú de réir mar a mheasfaidh sé is iomchuí agus beidh an focal deiridh ag an gCoiste Toghcháin.

Cuid H
Tionólaithe na gColáistí a Thoghadh

1. Beidh ceathrar tionólaithe coláiste ann:
   i. Tionólaí Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta
   ii. Tionólaí Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an Léinn Cheiltigh
   iii. Tionólaí Choláiste na hEolaíochta
   iv. Tionólaí Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí
   v. Tionólaí Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

2. Ní bheidh ach baill atá cláraithe i gColáiste ar leith incháilithe chun vótáil i dtoghchán do Thionólaí an Choláiste sin.

3. Reáchtálfar na hainmniúcháin agus na toghcháin do na tionólaithe de réir Sceideal 1.B.

Cuid I
Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn a Thoghadh

1. Toghfar Cathaoirleach Chomhairle na Mac Léinn le linn chruinniú deireanach na Comhairle don bhliain acadúil sin.

2. Fógrófar ainmniúcháin chun phost Chathaoirleach Chomhairle na Mac Léinn ag cruinniú na Comhairle roimh chruinniú deireanach na bliana acadúla. Déanfaidh an Coiste Toghcháin na hainmniúcháin a fhógairt.

3. Ní fhéadfar ach ionadaithe ranga cláraithe a ainmniú chun an phoist.

4. Ní bheidh ach ionadaithe ranga cláraithe incháilithe chun vótáil.

5. Reáchtálfaidh an Coiste Toghcháin an toghchán.